C/2025/3233

13.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12025 — MITSUI / MOL / THE PORT OF NIGG BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3233)

1. An 4 Meitheamh 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsui and Co. Europe Ltd ('Mitsui', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Mitsui & Co., Ltd (an tSeapáin),

— Mitsui O.S.K. Lines, Ltd. ('MOL', an tSeapáin),

— An gnóthas The Port of Nigg ('The Port of Nigg', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú GEG Capital Holdings Limited.

Gheobhaidh Mitsui agus MOL rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar The Port of Nigg ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadail é Mitsui,

— Tá MOL dírithe ar an tionscal loingseoireachta aigéin, lena n-áirítear bulclasta tirim, fuinneamh, iompar táirgí, agus folláine agus stíl mhaireachtála,

— Soláthraíonn The Port of Nigg calafort ilfhuinnimh sa Mhuir Thuaidh. Soláthraíonn The Port of Nigg seirbhísí i ndáil le déantúsaíocht, cóimeáil agus monaraíocht, chomh maith le bainistiú tionscadal, oiriúnú agus eagrú comhpháirteanna, seirbhísí innealtóireachta agus oibríochtaí saoráidí calafoirt le haghaidh na dtionscal fuinnimh ola agus gáis, núicléach, peitriceimicigh, GÚSC (gabháil, úsáid agus stóráil carbóin), taoide, gaoithe ar talamh agus amach ón gcósta, agus le haghaidh na dtionscal fuinnimh nua den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12025 — MITSUI / MOL / THE PORT OF NIGG BUSINESS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË